2025/610

25.3.2025

# RIALACHÁN (AE) 2025/610 ÓN gCOMHAIRLE

## an 24 Márta 2025

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle (CBES) 2024/604 an 24 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir [1] ,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir. Leis an Rialachán sin, tugtar éifeacht do bhearta áirithe, dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle [3].

(2) An 30 Iúil 2024, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2745 (2024), lena gcuirtear deireadh leis an trádbhac arm a bhí ar Rialtas Phoblacht na hAfraice Láir. Leis an Rún sin, bunaítear trádbhac arm freisin ar ghrúpaí armtha agus daoine aonair a bhfuil baint acu leo agus atá ag oibriú i bPoblacht na hAfraice Láir go dtí an 31 Iúil 2025.

(3) An 24 Márta 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/604, lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES i gcomhréir le Rún 2745 (2024) ó CSNA.

(4) Roinnt de na leasuithe a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2025/604 seo faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, is gá Gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha iad i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(l) ciallaíonn "maoiniú nó cúnamh airgeadais" aon ghníomhaíocht, cibé modh áirithe a roghnaítear, trína n-eisíocann an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann, nó trína ngeallann siad go n-eisíocfaidh, a chistí féin nó a acmhainní eacnamaíocha féin go coinníollach nó go neamhchoinníollach, lena n-áirítear deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí, urraíochtaí, bannaí, litreacha creidmheasa, creidmheasanna soláthróra, creidmheasanna ceannaitheora, réamhíocaíochtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin agus gach cineál árachais agus athárachais, lena n-áirítear árachas creidmheasa onnmhairiúcháin. Ní maoiniú ná cúnamh airgeadais atá in íocaíocht an phraghais chomhaontaithe maille leis na téarmaí agus coinníollacha íocaíochta ar earra nó seirbhís, arna déanamh i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas gnó.';

[1] IO L, 2025/604, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/604/oj.
[2] Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle an 10 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir (IO L 70, 11.3.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/224/oj).
[3] Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir (IO L 352, 24.12.2013, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/798/oj).

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

1. Cuirfear toirmeasc ar na hearraí agus ar an teicneolaíocht a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (*) ("an Liosta Comhchoiteann Míleata"), chomh maith le hairm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, do ghrúpaí armtha agus do dhaoine aonair a bhfuil baint acu leo atá ag oibriú i bPoblacht na hAfraice Láir, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó airm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí a áirítear sa liosta sin, do ghrúpaí armtha agus do dhaoine aonair a bhfuil baint acu leo atá ag oibriú i bPoblacht na hAfraice Láir;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó airm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón mar atá sainmhínithe i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, mar aon le hárachas agus athárachas, chun aon ítim den sórt sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó aon chúnamh teicniúil gaolmhar nó aon seirbhís bróicéireachta a sholáthar do ghrúpaí armtha agus do dhaoine a bhfuil baint acu leo atá ag oibriú i bPoblacht na hAfraice Láir.

(*) IO C 69, 18.3.2010, lch. 19.

(**) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/258/oj).';

(3) scriostar Airteagail 3 agus 4.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. SIEKIERSKI